Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2021

CM 4359/21

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0247(COD)**

CODEC
ELARG
COWEB
CFSP/PESC
RELEX
FIN
CADREFIN
POLGEN
MIGR
PROCED

## TEACHTAIREACHT

### AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | luca.salini@consilium.europa.eu<br>codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 89 20 |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>– Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 4270/21 |

I ndáil leis an nós imeachta i scríbhinn ar cuireadh tús leis le CM 4270/21 an 1 Meán Fómhair 2021, cuirtear in iúl do na toscaireachtaí gur tugadh chun críche an 7 Meán Fómhair 2021 é agus gur vótáil na toscaireachtaí go léir, cé is moite de thoscaireacht na hUngáire a staon ón vótáil, ar son an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh i ndáil leis an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), mar a leagtar amach in 6604/21 é, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle a ghlacadh mar a leagtar amach é in ADD 1 a ghabhann leis an doiciméad sin.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an seasamh thuasluaite ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle.

Tá na ráitis ón Ungáir agus ón gCoimisiún le feiceáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo agus déanfar iad a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle. Foilseofar ráitis an Choimisiúin san *Iris Oifigiúil*[1].

---

[1] Sraith C.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón Ungáir**

Le cistiú IPA, rannchuidítear le rathúnas na dtíortha is iarrthóirí agus na dtíortha is iarrthóirí ionchasacha agus cuirtear an meán ar fáil don nasc idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar. Dá bhrí sin, tá an Ungáir i bhfabhar rochtain ghasta ar chistiú IPA a bheith ag na tíortha lena mbaineann.

Feabhsaíodh téacs an Rialacháin trí roinnt leasuithe dár gcuid a ionchorprú ann. Ó thaobh tagairtí do Phleananna Gníomhaíochta an Aontais maidir le hInscne agus do na Conclúidí ábhartha ón gComhairle atá i rialachán IPA, áfach, ní mór a chur in iúl nár fhormhuinigh na Ballstáit uile an tríú Plean Gníomhaíochta maidir le hInscne (GAP III) a ghlac an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí an 25 Samhain 2020. Ós rud é go bhfuil an tríú Plean Gníomhaíochta maidir le hInscne bunaithe ar shainmhíniú ar inscne nach bhfuil ag luí le creat bunreachtúil na hUngáire agus nach bhfuil formhuinithe ag na Ballstáit uile, ní bheidh an Ungáir rannpháirteach i gcur chun feidhme GAP III. Ba cheart tagairt do GAP III nó do na sé cinn de phríomhréimsí beartais théamacha GAP III i Rialachán IPA a thuiscint sa chomhthéacs sin agus ní mór teorainneacha a bhaineann leis an staid sin a chur san áireamh.

Thairis sin, níl sainmhíniú comhthoiliúil ar fáil don téarma 'sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe' (SRHR) ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear laistigh den Aontas Eorpach. Déanann an Ungáir an tsaincheist sin a léiriú i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030, Chlár Gníomhaíochta ICPD agus Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta.

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Anuas air sin, is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léiríonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas'. Dá bhrí sin, maidir le táscairí, i dtuiscint na hUngáire, tá siad le bheith bunaithe ar 'sonraí atá imdhealaithe de réir gnéis', i gcás inarb ábhartha agus má tá sonraí den sórt sin ar fáil.

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le hidirphlé geopholaitiúil le Parlaimint na hEorpa i ndáil leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**

Tá an Coimisiún Eorpach, agus aird á tabhairt aige ar fheidhmeanna rialaithe polaitiúla Pharlaimint na hEorpa a leagtar síos in Airteagal 14 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tiomanta idirphlé geopholaitiúil ardleibhéil a dhéanamh idir an dá institiúid maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 2021/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III). Leis an idirphlé sin, ba cheart go mbeifí in ann malartuithe a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa, agus cuirfear san áireamh go hiomlán na seasaimh atá aici maidir le cur chun feidhme IPA III, agus lánurraim á tabhairt do chumas an Choimisiúin an ionstraim a chur chun feidhme, i gcomhréir lena freagrachtaí institiúideacha.

San idirphlé geopholaitiúil, pléifear treoshuíomhanna ginearálta maidir le cur chun feidhme IPA III, lena n áirítear maidir le clársceidealú sula nglacfar creat clársceidealaithe IPA III agus doiciméid chlársceidealaithe IPA III, agus a bhaineann le hábhair shonracha amhail an cúnamh a thugtar do thairbhí a chur ar fionraí nuair nach n-urramaíonn sé go leanúnach prionsabail an daonlathais, an smachta reachta, an dea-rialachais, urraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha.

Seo a leanas struchtúr an idirphlé geopholaitiúil:

i) Idirphlé ardleibhéil idir an Coimisinéir um an gComharsanacht agus um Méadú, thar ceann an Choimisiúin, agus Parlaimint na hEorpa.

ii) Idirphlé buan ar leibhéal na n oifigeach sinsearach le meithleacha AFET chun a áirithiú go ndéanfar ullmhúchán leordhóthanach agus go ndéanfar obair leantach ar an idirphlé ardleibhéil.

Beidh an t-idirphlé ardleibhéil ar siúl dhá uair sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh ceann de na cruinnithe a bheith i gcomhthráth le tíolacadh an dréachtbhuiséid bhliantúil ag an gCoimisiún.

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le cúnamh a mhodhnú/a fhionraí in Airteagal 8, mír 5 de Rialachán Uimh. 2021/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XX/XX/2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**

Measann an Coimisiún Eorpach go n-urramaítear leis an bhforáil in Airteagal 8(5) cumhachtaí an Choimisiúin i gcur chun feidhme chláir an Aontais, agus buiséad an Aontais i gcoitinne, a fhad agus atá sé gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún leis na Conarthaí agus leis an Rialachán Airgeadais cúnamh an Aontais a chuirtear ar fáil do thríú tíortha a chur ar fionraí.

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le cineál comhairleach na mbord straitéiseach mar atá in Airteagal 12 de Rialachán Uimh. 2021/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XX/XX/2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**

Meabhraítear don Choimisiún Eorpach, mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán IPA III, gur ***comhlacht comhairleach*** don Choimisiún é bord straitéiseach Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF). Déantar é sin a ailíniú le hAirteagal 33 de ICFCI – an Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021, ina ndéantar tagairt do bhoird straitéiseacha WBIF agus CEFI+. Níl cumhachtaí cinnteoireachta ag na boird straitéiseacha sin i gcomhthéacs chur chun feidhme bhuiséad an Aontais. Bunófar Rialacha Nós Imeachta bhord straitéiseach WBIF ar an mbonn sin.